Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Nollaig 2020
(OR. en)

14342/20

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2019/0254 (COD)**

VOTE 80
INF 236
PUBLIC 97
CODEC 1423

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | – Toradh na vótála<br>– RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar síos forálacha idirthréimhseacha áirithe le haghaidh tacaíocht ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus ón gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) sna blianta 2021 agus 2022 agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013, (AE) Uimh. 1306/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní agus cur i bhfeidhm sna blianta 2021 agus 2022 agus Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní agus le leithdháileadh tacaíocht den sórt sin i leith na mblianta 2021 agus 2022<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh, agus<br>– Formheas na ráiteas comhpháirteach<br>– Toradh an nós imeachta i scríbhinn a tugadh chun críche an 22 Nollaig 2020 |

Tá toradh na vótála maidir leis an ngníomh reachtach thuasluaite in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an nóta seo.

Doiciméid tagartha:

PE-CONS 29/20
an dáta a ghlac Coreper 1 an cinneadh chun an Nós Imeachta i Scríbhinn a úsáid an 18 Nollaig 2020

Na ráitis agus/nó na míniúcháin a tugadh maidir leis an vótáil, tá siad in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an nóta seo.

General Secretariat of the Council

| | |
|---|---|
| Institution: | **Council of the European Union** |
| Session: | |
| Configuration: | |
| Item: | **2019/0254 (COD)** (Document: 29/20) |
| Voting Rule: | **qualified majority** |
| Subject: | REGULATION OF THE EUROPEAN PARLIAMENT AND OF THE COUNCIL laying down certain transitional provisions for support from the European Agricultural Fund for Rural Development (EAFRD) and from the European Agricultural Guarantee Fund (EAGF) in the years 2021 and 2022 and amending Regulations (EU) No 1305/2013, (EU) No 1306/2013 and (EU) No 1307/2013 as regards resources and application in the years 2021 and 2022 and Regulation (EU) No 1308/2013 as regards resources and the distribution of such support in respect of the years 2021 and 2022 |

| Vote | Members | | Population (%) |
|---|---|---|---|
| Yes | 24 | | 98,81% |
| No | 0 | | 0% |
| Abstain | 3 | | 1,19% |
| Not participating | 0 | | |
| Total | 27 | | |

Sitting date: **22/12/2020**

Final result

| Member State | Weighting | Vote | Member State | Weighting | Vote |
|---|---|---|---|---|---|
| BELGIQUE/BELGIË | 2,56 | Yes | LIETUVA | 0,62 | Abstain |
| БЪЛГАРИЯ | 1,56 | Yes | LUXEMBOURG | 0,14 | Abstain |
| CESKÁ REPUBLIKA | 2,35 | Yes | MAGYARORSZÁG | 2,18 | Yes |
| DANMARK | 1,30 | Yes | MALTA | 0,11 | Yes |
| DEUTSCHLAND | 18,54 | Yes | NEDERLAND | 3,89 | Yes |
| EESTI | 0,30 | Yes | ÖSTERREICH | 1,98 | Yes |
| ÉIRE/IRELAND | 1,10 | Yes | POLSKA | 8,49 | Yes |
| ΕΛΛΑΔΑ | 2,40 | Yes | PORTUGAL | 2,30 | Yes |
| ESPAÑA | 10,49 | Yes | ROMÂNIA | 4,34 | Yes |
| FRANCE | 14,98 | Yes | SLOVENIJA | 0,47 | Yes |
| HRVATSKA | 0,91 | Yes | SLOVENSKO | 1,22 | Yes |
| ITALIA | 13,65 | Yes | SUOMI/FINLAND | 1,23 | Yes |
| ΚΥΠΡΟΣ | 0,20 | Yes | SVERIGE | 2,29 | Yes |
| LATVIJA | 0,43 | Abstain | | | |

** When acting on a proposal from the Commission or the High Representative, qualified majority is reached if at least 55 % of members vote in favour (15 MS) accounting for at least 65% of the population*

*For information: http://www.consilium.europa.eu/public-vote*

**Ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na réigiúin is forimeallaí agus maidir leis na hoileáin bheaga Aeigéacha**

Meabhraíonn Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle:

- a thábhachtaí atá bearta sonracha do na réigiúin is forimeallaí, i gcomhréir le hAirteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus le Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun saintréithe speisialta na réigiún sin a chur san áireamh;

- a thábhachtaí atá bearta sonracha don talmhaíocht i bhfabhar na n-oileán beag Aeigéach arna mbunú faoi Rialachán (AE) Uimh. 229/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle; agus

- go dtugann na saincheisteanna thuas bonn cirt le tacaíocht speisialta do na réigiúin agus na hoileáin sin, chun bearta iomchuí a chur chun feidhme.

**Ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le socruithe maoinithe an Aontais do POSEI agus do na hoileáin bheaga Aeigéacha**

Cuireann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i bhfios go láidir gur socruithe eisceachtúla iad socruithe cistiúcháin an Aontais do POSEI agus do na hoileáin bheaga Aeigéacha a áirítear sa Rialachán Idirthréimhseacha seo le haghaidh 2021 agus 2022, lena léirítear sainiúlacht na gcúinsí, agus nach fasach iad do mhaoiniú CBT amach anseo, ní do na réigiúin is forimeallaí ná do na hoileáin bheaga Aeigéacha ná d'íocaíochtaí díreacha.

**Ráiteas ón Laitvia**

Tacaíonn an Laitvia leis an ngá práinneach atá ann teacht ar chomhaontú maidir le rialacha idirthréimhseacha CBT chun go bhféadfar leanúint le beartas CBT in 2021 agus aon bhriseadh sa tacaíocht a sheachaint idir an dá thréimhse CAI. Is faoi chomhreachtóirí an Aontais Eorpaigh atá sé deimhin a dhéanamh de go leanfaidh feirmeoirí an Aontais,gan bhac, leis an táirgeadh bia agus talmhaíochta faoi fhorálacha CBT.

Tá substaint an chomhréitigh maidir leis an dréacht-Rialachán inghlactha don Laitvia, toisc go bhfuil na coinníollacha maidir le cur chun feidhme mionsaothraithe go maith agus cothrom. Mar sin féin, leis an togra a tugadh isteach ag an nóiméad deireanach *chun buiséid CBT reatha do na* ***réigiúin is forimeallaí agus do na hoileáin bheaga Aeigéacha*** *a choimeád faoi Rialacháin Uimh. 228/2013 agus Uimh. 229/2013* - léirítear roinnt ábhar imní.

Cé go bhfuil sé toilteanach teacht ar réitigh chun an leibhéal maoinithe atá ann faoi láthair a áirithiú do na réigiúin lena mbaineann, ní féidir le haon réiteach den sórt sin, **i gcás ar bith**, an bonn a bhaint den chomhaontú ar thángthas air sa Chomhairle Eorpach i mí Iúil. Tá a leasanna náisiúnta féin agus a n-íogaireachtaí polaitiúla féin ag Ballstáit uile an Aontais. Rinneadh iad sin a phlé go forleathan agus cuireadh san áireamh iad i gcaibidlíocht fhada as a d'eascair comhréiteach an-íogair i mí Iúil. Is léir nach ndéantar leis an gcomhréiteach a baineadh amach ag Uachtaránacht na Gearmáine an margadh sin maidir le CAI a urramú go hiomlán.

Bhíomar réidh le tacú le réiteach a bheadh neodrach ó thaobh an bhuiséid de i ndáil leis na Ballstáit sin nach bhfuil in POSEI. Ach, níl **an úsáid** atá beartaithe **maidir le hioncam sannta, cé nach mbaineann ach le 2021 amháin**, neodrach ó thaobh an bhuiséid de i ndáil le himchlúdaigh íocaíochta díreacha na mBallstát eile agus tá sé ag cruthú fasach don todhchaí.

Mar gheall ar na cúiseanna a cuireadh in iúl thuas, **staonann** an Laitvia **ón vótáil ar** an Rialachán Idirthréimhseach.

**Ráiteas ón Liotuáin**

Measann an Liotuáin nach n-urramaítear, leis an gcomhréiteach maidir le maoiniú breise do na réigiúin is forimeallaí san Aontas agus do na hoileáin Aeigéacha bheaga a áirítear sa Rialachán Idirthréimhseach do 2021, comhaontú CAI agus creideann sí go bhfuil úsáid na n-ioncam sannta chun na críche sin ag teacht salach ar phrionsabal na neodrachta buiséadaí *vis-à-vis* na Ballstáit eile.

Tugann an Liotuáin dá haire nach fasach don todhchaí a bheidh sa réiteach thuasluaite.

**Ráiteas comhpháirteach ón mBeilg, ón Danmhairg, ón Ísiltír, ón tSlóvaic agus ón tSualainn**

Tacaíonn an Bheilg, an Danmhairg, an Ísiltír, an tSlóvaic agus an tSualainn leis an gcomhréiteach maidir le rialachán idirthréimhseach CBT. Tá an tacaíocht sin gan dochar do mhaoiniú POSEI amach anseo. Ní chomhaontaímid, i bprionsabal, leis an réiteach chun na leibhéil cistiúcháin do POSEI a chothabháil trí ioncam sannta a úsáid. Tá cinneadh gasta maidir leis an rialachán idirthréimhseach tábhachtach, áfach, chun deimhneacht dhlíthiúil a thabhairt d'fheirmeoirí agus chun éifeachtaí eacnamaíocha Covid-19 a bhainistiú.